Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2011

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Spáinnis

## Gnáthleibhéal

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

## GNÁTHLEIBHÉAL

## SPÁINNIS 2011

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

| GRÁDÚ | |
|---|---|
| A: | 272 - 320 |
| B: | 224 - 271 |
| C: | 176 - 223 |
| D: | 128 - 175 |
| E: | 80 - 127 |
| F: | 32 - 79 |
| N.G.: | 0 - 31 |

**Socruithe Réasúnta: Tabhair ar aird le do thoil na leasuithe ar an Scéim Mharcála i Roinn B, Ceist 2 (a) agus (b), inar deonaíodh litriú na mac léinn a tharscaoileadh nó inar deonaíodh, agus inar baineadh, úsáid as téipthaifeadán, scríobhaí nó as ríomhaire atá cumasaithe i dtaobh litriú de.**

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**
***Agus an scéim mharcála seo á leamh agat, ba chóir aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:***

Léiríonn **tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla mar sin.

Léiríonn **dais** - roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

Taispeánann **lúibíní cearnacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléiriú breise ar na marcanna atá le bronnadh ar fhreagraí áirithe ar an gceist sin.

**N.B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna agus sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí bailí eile*
- *Maidir leis an méid mionsonraí is gá i bhfreagra ar bith, is é an comhthéacs agus an chaoi a gcuirtear an cheist a chinneann sin, chomh maith leis an líon marcanna a shanntar ar an bhfreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht sna riachtanais agus sna marcanna ó bhliain go bliain, mar sin.*
- *Ní mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.*

**Freagairt trí Ghaeilge: Bónas**

Gnáthráta: 5% den Iomlán

| Marc | Bónas | Marc | Bónas | Marc | Bónas |
|---|---|---|---|---|---|
| 241-246 | 11 | 274 - 280 | 6 | 307 - 313 | 1 |
| 247 - 253 | 10 | 281 - 286 | 5 | 314 - 320 | 0 |
| 254 - 260 | 9 | 287 - 293 | 4 | | |
| 261 - 266 | 8 | 294 - 300 | 3 | | |
| 267 - 273 | 7 | 301 - 306 | 2 | | |

**1. Anuncio – Trabajando como voluntario**

**(2 + 2) + 4 + (4+4) mharc = 16 mharc**

a. (i) Cairdiúil. (ii) Flaithiúil. **(2 + 2 mharc)**

b. Foghlaim faoi chultúr eile. **(4 mharc)**

c. (i) Ríomhphost a sheoladh. (ii) Glaoch gutháin a dhéanamh. **(4 + 4 mharc)**

**2. Diálogo – Entrevista con una jugadora de pádel**

**(2 + 2) + (2 + 2) + 4 + 4 mharc = 16 mharc**

a. (i) **Leithead**: 10 méadar (ii) **Fad**: 20 méadar. **(2 + 2 mharc)**

b. **Dhá cheann** de: glas, gorm nó donn. **(2 + 2 mharc)**

c. Cara lena dearth//áir. **(4 mharc)**

d. Malaga. **(4 mharc)**

**3. Diálogo – Hablando con Vicente del Bosque, seleccionador del equipo español de fútbol**

**(4 + 4) + 4 + 4 mharc = 16 mharc**

a. 23 Nollaig, 1950 **(4 + 4 mharc)**

b. An brú atá orthu a laghdú. **(4 mharc)**

c. 3 **(4 mharc)**

**4. Descriptivo – Los libros electrónicos**

**4 + (4 + 4) + (2 + 2) mharc = 16 mharc**

a. Idir 200 agus 400 euro. **(4 mharc)**

b. (i) Sasana (ii) Na Stáit Aontaithe **(4 + 4 mharc)**

c. **Dhá cheann** de: Cuideachta Mheiriceánach atá ann/55 milliún custaiméir/ 375,000 ríomhleabhar/meánphragha 10 dollar. **(2 + 2 mharc)**

**5. Descriptivo - El paro en España entre la gente joven**

**4 + 4 + 4 mharc = 12 mharc**

a. 40 **(4 mharc)**

b. Stopann siad de bheith i dteagmháil le daoine eile. **(4 mharc)**

c. **Ceann amháin** de: bealach le bheith thart ar dhaoine eile/cairdeas a dhéanamh le daoine nua/tuiscint dá bhféiniúlacht/neamhspleáchas ar a dtuismitheoirí. **(4 mharc)**

**6. El tiempo**

**4 + 2+2 + 4 mharc = 12 mharc**

a. Báisteach éadrom. **(4 mharc)**

b. **Ceann amháin** de: beagáinín scamallach/spéir ghlan/ardbhrú. **(4 mharc)**

c. 27˚ **(4 mharc)**

**7. Una Noticia – Las cuevas de Altamira vuelven a abrir**

**(2 + 2) + 2 + (2 + 2) + 2 marc = 12 mharc**

a. (i) Cantabria (ii) Tuaisceart na Spáinne **(2 + 2 mharc)**

b. Mí Eanáir seo chugainn **(2 mharc)**

c. Dearg agus Dubh **(2 + 2 mharc)**

d. 1985 **(2 mharc)**

**16 + 16 + 16 + 16 + 12 + 12 + 12 = 100 marc**

# ROINN A (160 marc)

## Ceist 1. ¿Educar en casa o educar en el colegio? (50 Marc)

Caithfear na freagraí uile a scríobh **sa Spáinnis.**

Is féir glacadh le hathscríobh (**ábhartha** agus laistigh de theorainneacha réasúnta).

Ní thástáiltear ionramháil teanga.

Ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú. *Glactar le focail idir lúibíní le haghaidh marc iomlán ach níl said riachtanach do fhreagra ceart.* Bainfear marc de dheasca focail bhreise neamhábhartha. *Léiríonn tulslais rogha freagraí a d'fhéadfadh a bheith i gceist.* Bronn 5 nó 0 marc ach amháin má luaitear a mhalairt.

(a) *Estudiarán en casa, (enseñados por sus padres)/ No van a ir a ningún centro educativo.* **(5 mharc)**

(b) *El acoso escolar.* **(5 mharc)**

(c) *Falta (por completo) la educación a nivel emocional, espiritual y social.* **(5 mharc)**

(d) *No hay estrés/ no hay horario fijo (que marque el ritmo de estudio).* **(5 mharc)**

(e) (i) *La contabilidad.* (ii) *Las ciencias.* **(5 + 5 mharc)**

(f) *Son más independientes que los alumnos en los institutos.* **(5 mharc)**

(g) *Sacan muy buenas notas en los exámenes estatales./ Les gusta estudiar/ (cuando tienen tiempo libre) estudian por sí mismos.* **(5 mharc)**

(h) *No es tan bueno como el nivel que tienen los profesores en el colegio.* **(5 mharc)**

(i) *La tolerancia/el respeto por los demás.* **(3 + 2 mharc)**

## Ceist 2. Quiso llamar a su bebé '4Real' (25 marc)

(a) (Seoladh) téacsteachtaireachtaí. **(5 mharc)**

(b) Ar an bpríomhshráid (den bhaile). **(5 mharc)**

(c) Le hainm a linbh a chlárú. **(5 mharc)**

(d) Is é an t-ainm is coitianta ar leanaí faoi láthair é. **(5 mharc)**

(e) Seo an t-ainm eile a theastaíonn ó Hector dá leanbh. **(5 mharc)**

## Ceist 3. El peligro de Facebook (20 marc)

(a) Is gá bheith cúramach agus tú ag scríobh ar Facebook. **(5 mharc)**

(b) Bíonn go leor robálacha ann (le linn na laethanta saoire). **(5 mharc)**

(c) Ghabh siad triúr déagóirí. **(5 mharc)**

(d) **Dhá** cheann de: Fáinne/uaireadóir óir/earraí de luach €5,000. **(3 + 2 mharc)**

## Ceist 4. La violencia y el fútbol (25 marc)

(a) Bhí bua Atlético Madrid á cheiliúradh acu. **(5 mharc)**

(b) Chiceáil grúpa ógánach gluaisteáin/agus rinne siad damáiste de luach 2,000 euro. **(3 + 2 mharc)**

(c) Chaith siad buidéil, clocha agus cannaí leis na póilíní/ gortaíodh go dona póilín amháin. **(5 mharc)**

(d) **Dhá** cheann de: Níor dhrochdhuine é/thaitin sé le gach duine/d'oibrigh sé go dian/ d'oibrigh sé in ollmhargadh/ ní fhéadfadh sí leithscéal a dhéanamh faoina ndearna sé. Tá sé 17 mbliana (d'aois). **(3 + 2 mharc)**

(e) B'achar rófhada é do bhuachaill nach raibh ach seacht mbliana déag d'aois. **(5 mharc)**

## Ceist 5. El blog de Rebeca (40 marc)

(a) Tugann siad míniú maith ar na hábhair/ déanann siad an ceacht athuair. **(5 mharc)**

(b) Ní féidir do phearsantacht a chur in iúl (le héide scoile). **(5 mharc)**

(c) **Dhá** cheann de: T-léine/brístí géine/bróga reatha. **(5 + 5 mharc)**

(d) Tá foighne ag an múinteoir/míníonn sé an ghramadach go maith agus leas á bhaint as samplaí greannmhara. **(5 mharc)**

(e) (Suíonn siad faoin scáth) faoi chrann sa chlós. **(5 mharc)**

(f) Is mian léi staidéar a dhéanamh ar an mBéarla ar an ollscoil/ mar mhaithe le bheith ina hiriseoir. **(5 + 5 mharc)**

# ROINN B (60 marc)

Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi:

**1. LITIR/R-PHOST** agus **ceann amháin de** 2.(a) **TEACHTAIREACHT nó** 2.(b) **IONTRÁIL DIALAINNE.**

**C. 1. LITIR: 40 Marc**

Tá **cúig** 'theachtaireacht' le cur in iúl. Ceadaigh uasmhéid de **8** marc do gach ceann díobh.
(Is féidir 0-8 marc a bhronnadh ar gach teachtaireacht.)

**8 marc x 5 = 40 marc**

| | |
|---|---|
| Teachtaireacht iomlán curtha in iúl go soiléir: | **8 marc** |
| Cur in iúl sásúil: | **6 mharc** |
| Cur in iúl dóthanach: | **5 mharc** |
| Tá an teachtaireacht sothuigthe / roinnt mionsonraí in easnamh: | **4 mharc** |
| Is féidir ciall éigin a bhaint aisti | **2 mharc** |

**C.2.(a) TEACHTAIREACHT C.2.(b) IONTRÁIL DIALAINNE 20 Marc**

Na marcanna le roinnt ar an tslí chéanna i ngach cás.

Tá **ceithre** 'theachtaireacht' le cur in iúl. Ceadaigh uasmhéid de **5** mharc do gach ceann díobh.
(Is féidir 0 go 5 mharc a bhronnadh ar gach 'teachtaireacht'.)

**5 mharc x 4 = 20 marc**

| | |
|---|---|
| Teachtaireacht curtha in iúl go hiomlán: | **5 mharc** |
| 'Éirim' na teachtaireachta soiléir | **4 mharc** |
| Cuid den teachtaireacht sothuigthe | **3 mharc** |
| Is féidir ciall éigin a bhaint aisti | **2 mharc** |

## SOCRUITHE RÉASÚNTA & SCÉIM MHARCÁLA MHODHNAITHE

Cuirfear scéim mharcála mhodhnaithe i bhfeidhm ar obair iarrthóirí ar deonaíodh ceann amháin de na socruithe seo a leanas dóibh, nó meascán de níos mó ná ceann amháin díobh:

- *Úsáid téipthaifeadáin ar bhonn deacrachta foghlama.*
- *Úsáid téipthaifeadáin ar bhonn deacrachta fisicí.*
- *Úsáid próiseálaí focal guth-ghníomhachtaithe.*
- *Úsáid scríobhaí.*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach.*
- *Úsáid próiseálaí focal ar bhonn* ***deacrachta foghlama agus sin amháin*** *(ríomhaire a bhfuil an seiceálaí litrithe agus gramadaí air).*

Maidir leis na hiarrthóirí sin ar deonaíodh maidir an litriú agus an ghramadach acu tharscaoileadh, ní ghearrtar pionós as earráidí i réimsí áirithe gramadaí. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhodhnaithe i bhfeidhm.

# Roinn B    Scríbhneoireacht

Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar is gnáth ach ní ghearrfar pionós as **litriú** ná as gnéithe **gramadaí**, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.

Litriú: Measfar comharthaí diaicritice atá in easnamh nó atá mícheart mar earráidí litrithe nach bhfuil pionós le gearradh astu.

Gramadach: Is féidir breithiúnas a thabhairt ar na gnéithe gramadaí nach bhfuil pionós le gearradh astu ach samhlú go bhfuil tú ag éisteacht leis an bhfreagra ar téip/CD. Má fhuaimníonn sé ceart, marcáiltear amhlaidh é. Níor chóir pionós a ghearradh as aon earráid ach amháin na cinn sin a thabharfaí faoi deara agus duine ag éisteacht leo.